# Fiosrúchán Iolraithe

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – iolrú, suimiú, oibríochtaí, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú: Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun tascanna agus tionscadail a chomhall nó chun fadhbanna a réiteach<br><br>Comhtháthú agus nascadh – idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a léiriú i ndóigheanna difriúla: ó bhéal, go pictiúrtha, go diagramach, go siombalach<br><br>Réasúnaíocht – hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhirmheá, scálaí, tacar, grúpa, suimiú leantach, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, cothrom le, coibhéis, sprioc, cothrom, cothromóidí, iolraí, fachtóir |
| **Áiseanna** | Uimhirmheá Mol Mata, ábhair phraiticiúla don iolrú, uimhirmheá boird |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Úsáideann daltaí an uimhirmheá chun dhá straitéis mhatamaiticiúla a bhaineann le hiolrú a fhiosrú agus a chruthú/a bhréagnú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina bpéirí, léiríonn siad an coincheap de 'iolrú mar shuimiú leantach' le haghaidh tacar d'áirimh ar leith. Ní mór dóibh a chruthú go gcothromaíonn gach áireamh an uimhirmheá sula rachaidh siad ar aghaidh. Ansin, cuireann siad moltaí maidir le háirimh shuimithe ar fáil a léiríonn an coincheap seo. Ag deireadh na gníomhaíochta pléann/fiosraíonn daltaí an tslí ar féidir 3x5 a léiriú 3+3+3+3+3 nó 5+5+5.

### 2 Gníomhaíocht 2

Úsáideann daltaí an uirlis chun an cineál cómhalartach d'iolrú a léiriú. Agus samplaí ar leith in úsáid acu, cruthóidh/bréagnóidh na daltaí go bhfuil 3x5 cothrom le 5x3 srl. Iarrfar ar na daltaí a gcuid samplaí féin a chur ar fáil chun an coincheap seo a léiriú. Ag deireadh na gníomhaíochta pléitear cé acu de na hoibríochtaí uimhris atá cómhalartach. Spreag na daltaí chun fianaise a chur ar fáil a thacaíonn lena dteoiricí agus chun a slí féin a roghnú chun é a chur in iúl (e.g. léaráidí nó léirithe a úsáid).

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir atá cothrom le 10x10?<br>• An bhfuil 5x4 cothrom le 4x5?<br>• Cad é 3+3+3+3+3+3? | • An bhfuil slí ar bith eile ann chun 3+3+3+3+3 a scríobh/léiriú?<br>• An bhfuil fíricí iolraithe eile atá ar comhionann le 4x20? Liostaigh iad.<br>• Mínigh an chiall atá le 5x10 – An bhfuil slí eile ann chun é a mhíniú?<br>• Conas atá fhios agat go bhfuil do ráiteas fíor?<br>• Cén fáth ar léirigh tú do thorthaí ar an tslí seo? |

## Difreáil

Socraigh na fíricí iolraithe agus/nó méid na n-uimhreacha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Spreag iad chun piartheagasc a úsáid sa ghníomhaíocht seo; seo nuair a oibríonn daltaí de chumais mheasctha le chéile.